Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**17116/23**

**SOC 886**
**EMPL 626**
**SAN 771**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Ísiltír |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Ísiltír. Tá an téacs seo á chur chuig na Saineolaithe Dlí agus Teanga chun bailchríoch a chur air, sula nglacfar é ag seisiún a bheidh ag an gComhairle amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gceaptar comhalta malartach amháin
den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
don Ísiltír

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá ainmniúcháin tíolactha ag Rialtas na hÍsiltíre i dtaca le post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[2] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.

*Airteagal 1*

Ceaptar, leis seo, an duine seo a leanas ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025:

I. IONADAITHE CEARDCHUMAINN

| Ballstát | Comhalta malartach |
|---|---|
| an Ísiltír | Wim VAN VEELEN |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa/san ,

Thar ceann
na Comhairle
An tUachtarán